



Bí bródúil as do theanga

An Fhuinneog Ghaelach

Cumann Gaeilge na hAstráile

Earrach 2021
1-09-2021

Ag Maireachtáil i Ré Shuimiúil

Tá an chuma air go bhfuil muid ag maireachtáil i ré "shuimiúil" mar a dúirt Joseph Chamberlain, polaiteoir a chuir i gcoinne féinriail d'Éirinn go láidir ina ré féin agus nach raibh baint ar bith aige leis an Síin. Di-anghlasáil amháin críochnaithe agus glasáil níos déine fós orainn anois.



Aoife Scott ag canadh (leathanach 4)

Faraor ní bheidh aon dul as againn an babhta seo gan vacsaíniú céatadán an-ard den daonra. Mura bhfuair tú an sonc go fóill, molaim duit coinne a dhéanamh go luath. Bhí próiseas réidh éifeachtach tapa agam féin in ionad vacsaínithe. Agus má tá drogall nó amhras ar bith ort, ní dhéanfadh sé aon dochar duit é a phlé leis an dochtúir.

Mar a dúirt mé sa nuachtlitir roimhe seo, tá Cruinniú Cinn Bhliana ag druim linn. Is dócha go bhfuair tú r-phost uainn ina leith agus nasc ann chun clárú le haghaidh an chruinnithe.

Má tá sé ar intinn agat teacht chuig an cruinniú, ba mhór an cúnamh dúinn dhá mbeadh tú in ann an clárú sin a dhéanamh go luath. Mura bhfuil mórán daoine cláraithe, cuirfean an cruinniú siar go mí Dheireadh Fómhair.

Teastaíonn cisteoir go géar uainn fós agus ní bheidh an Cumann ábalta dul ar aghaidh ar bhonn dlíthiúil gan cisteoir. Má tá ceist ar bith agat ar an bpost seo, cuir teachtaireacht chugainn. Bheadh an cisteoir reatha, Sally, sásta labhairt leat agus cur in iúl duit céard atá i

gceist leis an jab seo.

Ar nóta níos binne, tá na ranganna ag dul ar aghaidh gan stad gan staonadh le rang nua Dé Céadaoin do thosaitheoirí.

Mar sin féin, má tá aithne agat ar duine, taobh istigh nó taobh amuigh den Chumann, a mbeadh suim acu cuidiú leis an múinteoireacht, bheadh fáilte is fiche rompu.

Go dté sibh slán

Seán Ó Séaghdha,

Rúnaí

San Eagrán Seo..

Message from our 1 committee

Comhdháil na 2-3 Breataine

Slán Leat 4

Céim ar Aghaidh 5

Coming up on 6 Radio 3zzz

Nuacht 7

Buaiteoirí 7

Important notice to students

Our weekly Irish Language classes in Melbourne have been suspended for the time being and replaced with on-line classes.

Please see our website www.gaeilge.org.au for further details

Check our website for the latest news about classes and Irish language events around Australia

Comhdháil na Breataine

Aontaíodh ag Comhdháil na Breataine, a reáchtáladh an deireadh seachtaine seo caite, go mbunófar ‘Coiste na Breataine’ do Chonradh na Gaeilge “leis an chomhoibriú a neartú” idir craobhacha na heagraíochta sa Bhreatain agus eagraíochtaí eile ann.

Tháinig ionadaithe ó eagraíochtaí éagsúla Gaeilge le chéile do Chomhdháil na Breataine den chéad uair riamh Dé Sathairn seo caite agus le cúrsaí Gaeilge in Albain, sa Bhreatain Bheag agus i Sasana a phlé. Craobh London an Chonartha a d’eagraigh an ócáid, agus ionadaithe ó lucht ceannais na heagraíochta i mBaile Átha Cliath i láthair – Uachtarán an Chonartha Niall Comer agus an tArd-Rúnaí Julian de Spáinn.

Bhí an Dr Ben Ó Ceallaigh ó Ollscoil Aberystwyth; Terry Lynk ón Manchester Irish Language Group; Caz Newet agus Bez Martin, clann íónacha Margaret Keane; an dlíodóir Caroline Brogan; agus tuairim is 30 duine eile as ceantracha éagsúla i láthair freisin.

Ba í Siubhán Macauley a mhol ‘Coiste na Breataine’ a bhunú agus dara rún an chruinnithe faoi “chomhoibriú idir craobhacha amach anseo” á phlé. Moladh fosta ócáid bhliantúil a dhéanamh de Chomhdháil na Breataine agus tugadh cuireadh dá raibh i láthair ag an chruinniú ar líne teacht go London in 2022.

Pléadh trí mhórábhar ag an Chomhdháil i mbliana: “ceachtanna foghlamtha ón phaindéim”, “comhoibriú idir craobhacha amach anseo”, agus “feachtas Acht Gaeilge sa Bhreatain”. Agus óráid á tabhairt uaidh, dúirt Uachtarán an Chonartha Niall Comer gur “am rithábachtach don Ghaeilge” atá ann agus an tAcht Gaeilge sa Tuaisceart i mbéal an phobail arís agus mhol an obair mhór a bhí i gceist leis an bhfeachtas ‘#MessageToMargaret’.

Tugadh le fios agus na “ceachtanna” a foghlamaíodh ón phaindéim á bplé go raibh foghlaim nua ó áiteanna taobh amuigh de mhórchathracha na Breataine ag teacht chun an Ghaeilge a fhoghlaim le bliain anuas agus go raibh comhoibriú ann idir ceantracha i lár tíre. Dúirt Ben Ó Ceallaigh gurb í príomhcheacht na paindéime “bheith níos ceangailte le chéile chun ‘*language isolation*’ a íslíú”. Mhol Oisín Mac Conamhna ó Chonradh na Gaeilge Londain imeachtaí a chur ar líne ar nós Pop Up Gaeltacht a thacódh leis an nascadh sin.

Pléadh freisin an “ganntanas múinteoirí Gaeilge” sa Bhreatain agus dúirt Niall Comer go dtacódh Conradh na Gaeilge le maoiniú agus traenáil a chur ar fáil dul i ngleic leis an nganntanas sin.

Agus an feachtas Briotanach ar son Acht Gaeilge an Tuaiscirt á phlé, moladh “teimpléad



litreach” a chumadh agus a chur ar fáil le “teachtaireacht comhaontaithe a dhéanamh” ó eagrais Ghaeilge na Breataine. Moladh fosta feachtas grianghraf de phobal na Gaeilge sa Bhreatain agus fógraí #AchtAnois acu, agus coiste a chur le chéile a mbeadh ionadaithe ó chraobhacha an Chonartha sa Bhreatain le dul bheith ag plé leis an bhfeachtas. Mhol an dlíodóir Caroline Brogan teagmháil a dhéanamh le pobail Ghaelacha eile chomh maith – leithéidí ‘Irish in Britain’ agus ‘Birmingham Irish’ – agus a dtacaíocht siúd a lorg don fheachtas. Niall Ó Siadhail leis seo go bhféadfaí ‘comparáid a dhéanamh le teangacha eile sa Ríocht Aontaithe’ chun tacú leis an fheachtas.

Agus na mórábhair cíortha ag lucht freastail na Comhdhála, moladh comhghairdeas oifigiúil a dhéanamh le Linda Ervine as an

MBE a bronnadh uirthi le déanaí, agus airgead a dheonú le tacú le Naíscóil na Seolta in Oirthear Bhéal Feirste. Mhol Ella Hassett, ó chraobh London, imeacht ar líne a dhéanamh le Linda Ervine amach anseo.

“Bhí [an Chomhdháil] an-mhaith agus léiríodh an-spéis sa Ghaeilge agus go mbeidh an pobal teanga sa Bhreatain gníomhach agus iad ag feidhmiú níos mó lena chéile. Léiríodh freisin go mbeifear ag feidhmiú ar an Acht Gaeilge atá á lorg ó thuaidh, agus go bhfuil [pobal na Gaeilge sa Bhreatain] sásta cabhrú linn dul i bhfeidhm ar na polaiteoirí in Westminster,” a dúirt Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge, Julian de Spáinn.



Amhrán na Míosa— Slán Leat (Aoife Scott)

[Cúrfa]

Slán Leat, slán abhaile

Tabhair aire ar an mbóthar

Slán go fóill, slán abhaile

Is iomaí cor sa tsaol

Slán leat, slán abhaile

Ní hé seo deireadh an scéil

Slán go fóill, slán abhaile

Go mbuaile muid arís

[Véarsa 1]

Go bhfeice tú solas na maidine

Go gcloise tú briseadh na dtionnta

Go maire tú an lá

Gus go raibh tae de shíor i d' phota

[Cúrfa]

[Véarsa 2]

Go bhfeice tú réalt na hoíche

Go gcloise tú ceol do mhuintir

Go dté tú an chéad

S'go raibh tú slán sábháilte socair

[Cúrfa]

[Véarsa 3]

Go gcluine tú an port is aoibhine

Ar sheanfhidil do mhamó

Go bhfeice tú an meangadh mór

Ar aghaidh do gharmhic óig

[Cúrfa]

[Véarsa 4]

Go dtéithe an grian d'aghaidh

Nár shéide do hata ar an ghaoth

Go n-airí-tú-boladh an fhéir ghlais lomtha

S' go gcaithe tú-láimhíní

[olla] deas(a) buí

[Cúrfa]

[Véarsa 5]

Nuair a thagann uair na cinniúna

Agus is fíor go dtiocfaidh an t-am

Go raibh na focla seo fós ag ceol

's ag fánaíocht i do cheann

[Cúrfa]

[Outro]

Slán go fóill, slán abhaile

Go mbuaile muid arís



This song is from Aoife's 2016 CD entitled Carry The Day., and the song itself can be heard on YouTube.

She last toured Australia in March / April 2017 so a return visit could very well be on the agenda once the world gets moving again.

Céim Ar Aghaidh

In our last issue we featured the Irish language beginners course known as “Now You’re Talking” and a few people have asked if there is a continuation course available anywhere.

While not exactly a continuation there is a more advanced offering known as “Céim Ar Aghaidh” and it’s pitched at TEG Meánleibhéal 2 and Ardleibhéal 1 which would include University students of Irish.

The big difference this time around is the reduction in the use of English, in fact it’s mainly used just to provide sample text for the translation exercises to Irish and not for any discussion or explanations of grammatical points.

All the material can be viewed on the website (see link below) for free. Content-wise it’s not a course in the conventional sense meaning you don’t have to plough through from chapter 1. Likewise, there is no table of contents or index. Instead, it presumes a certain prior level of attainment and is more a collection of material divided into two streams (a) for learners and (b) for teachers. There is a good selection of video clips, sound files and printed material all of which can easily be downloaded and saved. But if you do this then it’s useful to type up your own table of contents for later reference.

Note – the video clips are not scripted scenes with actors, they are more what film-makers refer to as talking heads wherein experts talk to camera about a topic of particular interest. But they are all shot in 1080i hi-definition with excellent sound quality. They look great on big-screen.


Looking in detail, the teacher material has 10 units with a total of 19 video clips and 8 sound files. The general intro for teachers runs to about 10 pages, while each unit has worksheets and scripts for reference.

The student material also has 10 units, but with many more video clips and sound files and the text

material is arranged differently. Each unit includes some notes as well as answers to the exercises but the main thrust of the lesson is to fully absorb each video clip so you can discuss it from a number of different viewpoints. There is also a general intro for students.

Students working alone outside of a classroom situation may wonder “should I study the teacher notes as well ?” The short answer is it depends because the structure of the topics in the teacher modules is quite different from the student material but they do contain the aforementioned worksheets and other ways of reinforcing what’s being learnt. That said, you may still need access to an experienced teacher in person to get on top of some of the more difficult concepts.

The people behind the project are Antain Mac Lochlainn and Siuán Ní Mhaonigh, both of whom will be familiar to our students especially those who tackled the TEG examinations in Sydney a couple of years ago.



The website is <http://www.ceimaraghaidh.ie/> and everything is completely free for private use.

Our editorial team is always on lookout for news about good quality material such as this which would be of benefit to our students and teachers. Dialect is not a problem as long as the content is from a reputable source (e.g. a publishing house) and it is readily available. So, if you come across something that ticks all the boxes then get in touch ag súil cloisint uait go luath !

Coming Up On Radio 3ZZZ

The monthly Irish language program on Radio 3zzz has seen a very busy year despite various lockdowns and restrictions on our broadcasters. Many thanks to the crew and all the guests who took part in very difficult circumstances.

One program that proved quite popular was where three of our members described growing up in Ireland during the fifties and sixties. Another was the online interview between Éamonn Ó Dónaill, the director of education at Gaelchultúr, and two members of the project team for the new dictionary that was published last year. If you missed the broadcast you can still see the entire interview on the Gaelchultúr website -

<https://www.gaelchultur.com/ga/newsletters/NewsletterArticle.aspx?id=757>

Coming up, we have a 2-part reading of “Trioblóid” by Colmán Ó Drisceoil and then in Nov and Dec we have a 2-part presentation of the acclaimed drama “An Triail” by Máiréad Ní Ghráda. This play dates from 1964 and has now been on the Gaeilge curriculum for school leaving certificate since 2002. A very good synopsis (in English) can be found on the website of our friends at Gaeltacht Minnesota -

<http://www.gaelminn.org/triail/synopsis1.htm>

Back on the leaving cert and if you want to sink your teeth in, the published version of “An Triail” is available from educational bookshops in Ireland. Litríocht have it for a very modest 6.95 euros plus postage. Elsewhere on the net you can find many examples and video discussions of sample answers to the leaving cert questions about the play. Here is a good example -

<https://www.youtube.com/watch?v=93UNoQKqXSk>

And here’s a question of our own for our advanced students – Scrúdaigh cuid de na ceisteanna san ardeistiméaracht Gaeilge thar na blianta tionchar Bertolt Brecht ar scríobhneoiracht Máiréad, an bhféadfá píosa tuairime a scríobh ?

Next year, if lockdown continues, will feature readings from the book Oilithreach Pinn by Liam Ó Muirthile detailing his pilgrimage on the Camino starting from Saint-Jean-Pied-de-Port in southern France. If you know any geography you’ll know there’s a small obstacle called the Pyrenees to deal with pretty early on before you get anywhere near Spain. Conas a éiríonn sé ? Cloisimid an scéal ar fad !



Nuacht

The “Global Gaeilge” competition that awarded prizes annually to Irish language groups outside Ireland was quietly axed a few years ago due to lack of funds but the domestic side of the competition is still running albeit with reduced prize money on offer. Here are the latest winners....

Buaiteoirí 2020/21

Is é Cumann Gaelach Choláiste na Tríonóide a bhain an príomhdhuais i gComórtas na gCumann Gaelacha – Glór na nGael

Fógraíodh buaiteoirí Chomórtas na gCumann Gaelach ar an gclár *Bladhaire* ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.

1ú Duais - €3,000 – An Cumann Gaelach - Coláiste na Tríonóide , Baile Átha Cliath

2ú Duais - €2,000 – Cumann Gaelach Ollscoil na hÉireann Gaillimh

3ú Duais - €1,500 – Cumann Gaelach Ollscoil Luimnigh

Duais Tras-Phobail - €1,000 – Cualacht na Gaeilge Má Nuad

Duais Tras--Teorainn - €1,000 – Cumann Gaelach Ollscoil na Banríona Béal Feirste

Duais Aitheantais ar Obair Mheabhharshláinte - €750 – An Chuallacht Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Duais Aitheantais ar Fhorbairt in Aineoinn Covid / ar Láimhseáil na Paidéime - €750 – Cumann Drámaíochta Coláiste na hOllscoile Corcaigh

It seems that we are living in “interesting” times, as Joseph Chamberlain said. A politician who strongly opposed Irish Home Rule and had no connection at all with China.

One lockdown finished and replaced with a harder one. Sadly, it won't end this time without a very high percentage of the population being vaccinated. If you haven't had the jab yet, I encourage you to make an appointment soon.

For me, the process was smooth, efficient and quick at a vaccination centre. And if you're reluctant or have any doubts, there's no harm in talking it over with your doctor.

As I said in the last newsletter, the Annual General Meeting is approaching. You should have gotten an e-mail from us with a link in it to register for the meeting. If you intend coming to the meeting, it would be a great help if you could register soon.

If we don't get many registrations, the meeting will be put off until October.

We are still in great need of a treasurer and the Cumann won't be able to legally operate without one. If you have any questions about this position, send us a message. The current treasurer, Sally, would be happy to talk to you and let you know what's involved.

On a happier note, classes are going on non-stop, with a new beginners class on Wednesdays. Nevertheless, if you know anyone, inside or outside the Cumann, who'd be interested in helping with teaching, they'd be more than welcome.

Stay safe

Seán Ó Séaghdha, Secretary

*Cumann Gaeilge na hAstráile Teo**IRISH LANGUAGE ASSOCIATION OF AUSTRALIA INC.*

Cumann Gaeilge na hAstráile, the Irish Language Association of Australia is a not-for-profit organisation run entirely by volunteer tutors and a voluntary committee of management. The Cumann is non-political and non-sectarian. Its aim is to promote the Irish language as a second language within the Australian community, and to form networks with other cultural, heritage and Celtic language groups.

Formally established back in 1992, the ILAA offers structured weekly language classes to students of all ages, nationalities, and walks of life, across a range of levels — absolute beginners, basic, intermediate, advanced — as well as the opportunity to practice and converse together in a supportive environment.

Members receive a quarterly newsletter; access to the library; and also enjoy weekly singing and informal conversation sessions; as well as participation in social events and residential language schools.

Irish Language Association of Australia Inc., P.O. Box 594 North Melbourne VIC, 3051

**This form can be used for membership renewal or to notify a change of details.
New members should use the form available on our website www.gaeilge.org.au**

Renewal Update

Sloinne
(surname)

Guthán bh)
(phone)

Céad ainm
(first name)

ah)

Seoladh
(address)

Fón
(mobile)

.....

Ríomhphost
(email)

Membership fee is \$45 per annum and due each January. Class donation is \$5 per week.